



## BILEOG UM CHOMHAIRLIÚCHÁN POIBLÍ Uimh. 1

AN ROGHA IS DEALRAITHÍ A ROGHNÓFAR



## Clár DART+

Is clár bunathraitheach infheistíochta iarnróid é an Clár DART+, a bheidh mar bhonn le nuachóiriú agus feabhsú na seirbhísí iarnróid atá ar fáil i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath faoi láthair.

Soláthrófar seirbhís iarnróid atá inbhuanaithe, leictirthe, iontaofa agus níos minice, feabhsófar acmhainn ar gach conair iarnróid atá ag freastal ar Bhaile Átha Cliath.

Tá an líonra DART leictirthe atá ann faoi láthair 50km ar fhad, ag dul ó Mhullach Íde/Binn Éadair go dtí Bré/Na Clocha Liath agus tá sé d'aidhm ag an gClár DART+ an líonra leictirthe a shíneadh amach le bheith 150km ar fad.

Tá dualgas ar an gClár DART+ acmhainn mhéadaithe traenach a éascú chun freastal ar éilimh atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo a chomhlíonfar trí nuachóiriú na gconairí iarnróid atá

ann faoi láthair.

Cuirfidh sé leis an aistriú go sochaí ísealcharbóin agus atá athléimneach ó thaobh aeráide in Éirinn freisin.

Cuimsítear na tionscadail feabhsúcháin seo a leanas sa Chlár DART+ sna ceithre phríomhchonair iarnróid:

- DART+ Thiar - Maigh Nuad agus Bealach na Páirce M3 chuig Lár na Cathrach.
- DART+ an Iardheiscirt - Collchoill & Cill Droichid go Lár na Cathrach.
- DART+ an Chósta Thuaidh - Droichead Átha go Lár na Cathrach.
- DART+ an Chósta Theas - Na Clocha Liatha go Lár na Cathrach.
- DART+ Flít - flít traenach nua a cheannach chun seirbhísí traenach a mhéadú.




## DART+ an Iardheiscirt

Mar gheall ar Thionscadal DART+ an Iardheiscirt, mar chuid den Chlár DART+, éascófar leathnú líonra leictirthe feabhsaithe, le breis acmhainne do phaisinéirí agus feidhmíocht traenach feabhsaithe idir Stáisiún Chollchoille & Chill Droichid agus Stáisiún Heuston (thart ar 16km) ar Phríomhlíne Chorcaí, agus chomh fada le Glas Naíon trí Chraobhlíne Thollán Pháirc an Fhionnuisce (thart ar 4km).

Cuirfidh DART+ an Iardheiscirt go mór leis an acmhainn traenach i gcomparáid leis an 12 dtraein san uair sa treo faoi láthair go dtí 23 traein san uair sa treo (i.e. déanfar na 12 sheirbhís atá á soláthar faoi láthair a chothabháil, agus cuirfidh DART+ an Iardheiscirt 11 sheirbhís traenach bhreise ar fáil).

Méadóidh sé seo an acmhainn paisinéirí ón mbuaic-acmhainn atá ann faoi láthair de thart ar 5,000 paisinéir san uair sa treo go dtí thart ar 20,000 paisinéir san uair sa treo, mar gheall go mbeidh toilleadh iompair níos mó ag an bhflít nua atá á soláthar mar chuid de Chlár DART+.



Tá Tionscadal DART+ an Iardheiscirt i mbun comhairliúcháin poiblí a sheoladh anois ar an **'Rogha Is Fearr atá ag Teach Chun Cinn'**, arb ionann é agus na roghanna dearaidh comhcheangailte ó thús deiridh atá sainaitheanta ag an gcéim luath seo d'fhorbairt an tionscadail.

## Buntáistí DART+ an Iardheiscirt



Buaic-acmhainn paisinéirí méadaithe ó 5,000 go dtí 20,000 san uair sa treo agus an mhinicíocht traenach idir Cathair Bhaile Átha Cliath agus Stáisiún Chollchoille & Chill Droichid a mhéadú - rud a éascóidh iompar minic agus iontaofa chuig na pobail mórtimpeall.



Deiseanna feabhsaithe iompair phoiblí chun críocha oibre, oideachais nó fóillíochta.



Forbairt agus fás amach anseo pobal atá bunaithe ann cheana féin agus a bhunófar amach anseo a éascú a rachaidh chun tairbhe go mór na nascachta a sholáthróidh DART+ an Iardheiscirt.



Maolófar brú tráchta.



Forbrófar réigiún cathrach inbhuanaithe agus naschta, agus tacófar leis an aistriú chuig sochaí ísealcharbóin agus seasmhach ó thaobh na haeráide.



Cuirfear ar chumas daoine roghanna taistil inbhuanaithe a dhéanamh trí dhaoine a spreagadh chun úsáid a bhaint as líonra iompair phoiblí atá iontaofa, éifeachtúil agus sábháilte seachas carranna príobháideacha.




Feabhsófar nascacht iompair ilmhódaigh trí chómhgartú leis an Luas ag Stáisiún Heuston, Bus Connects agus an MetroLink atá beartaithe.



Feabhsófar iontaofacht amanna turais.






## Raon feidhme DART+ an Iardheiscirt


Ag seo a leanas, achoimre ardleibhéil ar phríomhghnéithe DART+ an Iardheiscirt:

- Ceithre ráille a chur leis go críochnúil, agus an dorchla iarnróid a leathnú amach idir Stáisiún an Pháirc Thiar & Gort na Silíní go Stáisiún Heuston, lena gcuirfear leis na hoibreacha a bhí déanta ar an mbealach i 2009.
- Déanfar leictriú agus athchomharthaíocht ar an líne ó Stáisiún Chollchoille & Chill Droichid agus ó Stáisiún Heuston go Glas Naíon, trí Chraobhlíne Thollán Pháirc an Fhionnuisce, áit a nascfar é le DART+ Thiar atá beartaithe.



- Déanfar oibreacha feabhsúcháin/atógála ar dhroichid chun gluaiseacht seirbhísí traenach leictirthe a éascú.
- Bainfear gach bacainn iarnróid feadh Craobhlíne Thollán Pháirc an Fhionnuisce.
- Déanfar staidéar agus dearadh coincheapa le haghaidh Stáisiún Heuston Thiar féideartha nua.
- Beidh an **'Rogha Is Fearr atá ag Teacht Chun Cinn'** ag teacht slán le stáisiúin a bheidh ann amach anseo ag an gCoill Mhór agus ag an gCabhrach, cé nach bhfuil sé mar chuid de Thionscadal DART+ an Iardheiscirt na Stáisiún sin a thógáil.

# Amlíne



## Conas teagmháil a dhéanamh linn

Mar úsáideoirí na seirbhíse, nó mar dhaoine a bhfuil sé dóchúil go mbeidh tionchar ag an bhforbairt orthu, tugtar cuireadh do dhaoine den phobal cur leis an bpróiseas comhairliúcháin seo agus a dtuairimí a nochtadh maidir leis an Rogha Is Fearr atá ag Teacht Chun Cinn i leith DART+ an Iardheiscirt. Tá an tréimhse chomhairliúcháin oscailte anois, tá na sonraí go léir ar fáil ar shuíomh gréasáin an tionscadail.

**Is féidir leat teagmháil a dhéanamh linn ar na bealaí seo a leanas:**

**Suíomh Gréasáin** | [www.dartplus.ie](http://www.dartplus.ie)

**Ríomhphost** | [DARTSouthWest@irishrail.ie](mailto:DARTSouthWest@irishrail.ie)

**Líne Theileafóin** | (01) 284 1029

**Seoladh Poist**

Más fearr leat nóta i scríbhinn a sheoladh chugainn, seol an nóta sin nó aon chomhfhreagras eile chuig:

**An tOifigeach Idirchaidrimh don Phobal**

**DART+ an Iardheiscirt**

**Iarnród Éireann**

**Oibreacha Inse Chór**

**Paráid Inse Chór**

**Baile Átha Cliath 8**

**D08K6Y3**



Tá dearadh DART+ an Iardheiscirt á mhaoiniú ag an AE. Is é Iarnród Éireann amháin atá freagrach as an ábhar san fhoilseachán seo agus ní gá gurb ionann ábhar an fhoilseacháin agus tuairim an Aontais Eorpaigh.